



[www.cemi-hera.org](http://www.cemi-hera.org)

## Reiligí agus Créamatóiríamái spásanna poiblí cuimsitheacha a chruthú i gCorcaigh

Is spásanna poiblí agus seirbhísí tábhachtacha iad reiligí agus créamatóiríamái a fhreastalaíonn ar gach saoránach – mar a tugadh chun suntais le paindéim Covid-19. Le tionscadal CeMi rinneadh staidéar ar reiligí agus chréamatóiríamái in 8 mbardas meánmhéide i 6 thír: Éire, Lucsamburg, an Ísiltír, an Iorua, Albain agus an tSualainn. Áiríodh i ngach bardas eitneach nó creideamh fadbhunaithe pobal mhionlaigh agus imirceach le déanaí. Labhair taighdeoirí le soláthraithe reiligí agus créamatóiríamái bardasacha, pleanálaithe, grúpaí creidimh agus pobail. Táthar ag súil go bhfeabhsófar leis an aiseolas achomair an tuiscint ar chleachtais chultúrtha, go spreagfar idirphlé pras idir soláthraithe rialtais áitiúil agus pobail, agus go gcuirfead bonn eolais faoi phleanáil amach anseo ar bhonn áitiúil agus idirnáisiúnta.



Reilig Fhionnbharra, reilig thraidisiúnta ón 19ú haois.

**An Dr Katie McClymont,**  
University of the West of England,

**An Dr Danielle House, an tOllamh Avril Maddrell,**  
University of Reading



## Suíomh

Is é Corcaigh an dara cathair is mó in Éirinn in iardheisceart na tíre, ina bhfuil ollscoileanna agus ospidéal mhóra chomh maith le tionscail nua a bhfuil imirce meallta leo le fiche bliain anuas. Go deimhin, tá an méadú is mó tagtha ar an daonra in Éirinn nach Éireannaigh iad i gCorcaigh, timpeall 14% den daonra in 2016.

Daonra chathair Chorcaí, 2016

Polainnaigh: 2.6%

Daoine as an mBreatain/Tuaisceart Éireann: 1.5%

Liotuánaigh: 0.4%

Codanna eile de AE 5.3%

Áisigh/Áisigh Éireannacha: 2.8%

Taistealaithe Éireannacha Geala: 0.7%

\*Na sonraí go léir ó dhaonáireamh 2016

- Is Caitlicigh iad beagnach 80% den tír.
- Le méadú teorann lé déanaí méadaíonn soláthar na cathrach go 13 reilig bhargasacha, agus freastalaíonn créamatóiriam príobháideach i gContae Chorcaí ar an gcathair.
- Tá na rátaí créamtha íseal ach tá siad ag méadú, agus créamadh 19.61% de dhaoine a fuair bás ar fud na tíre in 2017.

## Fadhbanna agus dúshlán do reiligi agus créamatóiriamá i gCorcaigh

Tá soláthar á dhéanamh ag an earnáil údaráis áitiúil agus sochraidí i leith treochtaí atá ag athrú maidir le hadhlacadh agus scaipeadh, chomh maith le méadú mór le déanaí ar spás adhlactha chun freastal ar riachtanas amach anseo.

- Mar thoradh ar an ráta ard adhlactha bhí ganntanas spáis adhlactha i reiligi i lár na cathrach, agus mar sin, le scór bliain anuas tá reiligi nua tógtha sna ceantair thuaithe mórthimpeall na cathrach.
- Mar gheall ar mhéadú teorann le déanaí aistríodh bainistíocht cuid de na reiligi seo ón gComhairle Contae go dtí an Chomhairle Cathrach. Chiollaigh sé sin ardú mór thar oíche ar phraghas na n-uaigheanna sna reiligi sin mar gheall ar phraghsanna éagsúla ar fud an dá údarás.
- Tógadh an créamatóiriam áitiúil i gContae Chorcaí sa bhliain 2007. Tá 6 chréamatóiriam ar oileán na hÉireann agus tá formhór an tsoláthair eile i gceantar Bhaile Átha Cliath.
- Tá colmlann amháin i gcathair Chorcaí – an 2ú ceann sa tír díreach – agus tá pleananna ann le haghaidh méadú colmlainne ag reiligi eile.

“Is é mo mhian anois go gcreámfar mé agus go scaipfear mo chuid luathrigh ag uaigh an teaghlaigh. Ach níor créamadh aon duine de mo theaghlach go dtí seo agus b’fhéidir gur mise an chéad duine.”  
Cónaitheoir i gCorcaigh

- Soláthraíonn na húdaráis áitiúla spás adhlactha don phobal Moslamach, pobal measartha ach atá ag fás i gCorcaigh. Neamhchosúil le háiteanna eile inár dtaighde, is furasta freastal ar rogha na Moslamach le haghaidh adhlacadh gasta laistigh de noirm thromlach na hÉireann.

“Rinne mé iarratas ar reilig don phobal Moslamach agus bhí an Chomhairle an-chabhrach agus cheadaigh siad láithreach é.” Iomám Moslamach

- Roinneann pobal na Polainne oidhreacht choiteann Chaitliceach agus rogha le haghaidh adhlactha le tromlach dhaonra na hÉireann. Mar imircigh le déanaí, áfach, d’fhéadfaí gur fearr leo na coirp a thabhairt ar ais go dtí an Pholainn lena n-adhlacadh, nó fiú iad a chréamadh in Éirinn agus an luathreach a scaipeadh nó a adhlacadh sa Pholainn mar go mbíonn costas mór ag baint le haisdúichiú.
- Bíonn fadhbanna rialta ag Taistealaithe na hÉireann maidir le gnéithe áirithe dá dtraidisiúin adhlactha. Tá rialacháin ag baint le reiligi léana maidir le hairde agus méid leice cuimhneachán chomh maith le ceisteanna rochtana, i gcás gur mian leis na Taistealaithe leaca uaighe agus sochraidí móra, rud a ardaíonn ceisteanna faoi chomhshamhlú agus faoi chomhionannas.



Tá ceann de na reiligi is déanaí i gCorcaigh, San Séamas, i stíl reilige léana, i gcodarsnacht le Reilg Fhionnbharrá (íomhá chlúdaigh).



Seomra seirbhíse ag Créamatóiriam an Oileáin, sampla de dhearadh tuata agus úsáid foirgnimh stairiúil.



agus uaigh níos airde de chuid Taistealaithe ar chlé ar fad ag sárú na rialachán.

## Dea-chleachtas áitiúil

### Reiligi mar áiteanna suáilceacha

Chuir go leor daoine ar labhraíomar leo ó phobail éagsúla síos ar an reilig mar spás ina bhfuil comhionannas, áit ar féidir leo bualadh le hÉireannaigh agus daoine ó phobail eile agus caidreamh a bheith acu leo nach mbeadh acu seachas sin.

“Is dócha gurb é an t-aon deis chothromaithe amháin atá ann, tá a fhios agat. Is mar an gcéanna ar fad muid, sa reilig táimid go léir mar an gcéanna. Go deimhin, is dócha go bhfuilimid níos aontaithe sa reilig ná aon áit eile. Tá fear dhá phlota síos ó mo dheartháir a bhí ina fhear gnó mór i gCorcaigh. Labhraímid lena theaghlach atá ina seasamh ag an uaigh. I gcomhthéacs ar bith eile ní bhualfaimis le chéile nó ní bheimis ag labhairt lena chéile choíche.” Ball den phobal Taistealaithe

“Nuair a fhaigheann daoine bás is mar a chéile iad. An Caitliceach nó an Moslamach céanna.”  
Iomám Moslamach

### Treochtaí atá ag athrú maidir le hadhlacadh agus créamadh

Tá an Chomhairle Cathrach ar an eolas faoi na treochtaí créamtha atá ag dul i méid agus tá pleananna i bhfeidhm acu chun freastal ar an riachtanas sin amach anseo.

“Má théann tú siar 20 bliain in Éirinn ní raibh ach 5% de dhaoine á gcreámadh, agus tá fás ollmhór tagtha air le 20 bliain anuas. Bhí sé beartaithe againn i gcónaí sa mheántearma colmanna a chur ar fáil inár reiligi ar fad.”  
Ionadaí seirbhíse adhlactha

### Reiligi mar spásanna glasa poiblí

Úsáidtear reiligi mar spásanna glasa poiblí sa chathair freisin, agus bhí sé seo thar a bheith tábhachtach faoin ndianghlasáil i rith phaindéim Covid-19.

“Tagann daoine isteach agus siúlann siad ansin go rialta. Agus tugaimid aire dóibh cosúil lenár bpáirceanna. Coinnítear i mbail mhaith iad agus breathnaímid orthu mar thaitneamhacht do dhaoine chomh maith le bheith ina n-áit ina ndéantar do mhuintir a adhlacadh.” Ionadaí seirbhíse adhlactha

## Dúshlán agus nuálaíochtaí maidir le Covid-19

Ceist eile a tháinig as an bpaindéim is ea na teorainneacha ar fhreastal ar shochraidí, agus mar gheall air sin bhain a lán seirbhísí sochraide úsáid as teicneolaíocht chun seirbhísí a shruthú.

“Bhreathnaíomar ar roinnt mhaith sochraidí trí shruthú. Agus ba bheannacht iontach é sin. Tá a fhios agam nach raibh láíocht na ndaoine in aice leat ach is cinnte gur chabhrach sé sin. Tá roinnt daoine scothaosta nach féidir leo freastal ar an tsochraid ar aon nós, agus mar sin bheinn ag súil go leanfaidh siad ar aghaidh leis sin le haghaidh sochraidí agus fiú le haghaidh na seirbhísí.” Cónaitheoir i gCorcaigh

## Dúshlán d’imircigh

D’fhéadfadh dúshlán a bheith i gceist le córas adhlactha agus sochraide tíre eile a oibriú amach, mar gheall ar na traidisiúin éagsúla chomh maith le bacainní praiticiúla amhail teanga. Tá bileog sa Pholainn curtha le chéile ag eagraíocht tacaíochta Pholannach atá lonnaithe i gCorcaigh, ina mínítear cad ba cheart a dhéanamh nuair a fhaigheann duine bás, agus conas a oibríonn córas na hÉireann.

“Tagann daoine isteach anseo agus ní bíonn a fhios acu conas a oibríonn an córas anseo in Éirinn, ní bhíonn a fhios acu cad é ról an chróinéara agus conas a oibríonn sé nuair a fhaigheann duine bás sa tír seo.” Ionadaí ó eagraíocht tacaíochta Pholannach



Adhlacadh loslamach i reilig San Séamas, a bunaíodh in 2006 nuair a d’oscail an reilig, agus na huaigheanna dírithe i dtreo Mheice.



Colmlann i reilig San Séamas le haghaidh coirp chréamtha.

## Smaointe ó áiteanna eile

### Reilig Birkhill, Dundee, Albain

Is ceapacha traidisiúnta adhlactha teaghlaigh iad reiligí Chorcaí den chuid is mó. Is sampla í reilig Birkhill in Dundee den dóigh ar féidir roinnt roghanna adhlactha agus scaipthe a chur ar fáil ag láithreán amháin.

Tá codanna i reilig Birkill le haghaidh adhlacadh cónraí, adhlacadh corp créamtha, adhlacadh loslamach, adhlacadh coillearnaí, cuid do pháistí agus leanaí, gairdín chun luaithreach a scaipeadh, agus cuid le haghaidh adhlactha atá maoinithe ag an rialtas. Tá seomra feithimh laistigh curtha ar fáil acu freisin do shochraidí agus do chuairteoirí le teacht le chéile ann, go háirithe le linn na drochaimsire, chomh maith le leithris phoiblí.



Gairdín cuimhneacháin le haghaidh scaipeadh luaithrigh, reilig Birkhill, Dundee

### Reilig Noorderbegraafplaats, Leeuwarden, an Ísiltír

I reilig Noorderbegraafplaats tá compás lena léirítear treo Mheice péinteáilte ar an urlár, mar bhealach neamhchostasach ach an-éifeachtach chun freastal ar riachtanais deasghnátha loslamacha agus iad a chur san áireamh.



Stencilled compass indicating Mecca at Noorderbegraafplaats cemetery, Leeuwarden

### Reilig Selwerderhof, Groningen, an Ísiltír

Mar mhalairt ar chodanna a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais éagsúla adhlactha agus scaipthe, cruthaíodh 'saorpháirc' i reilig Selwerderhof dóibh siúd a bhraitheann go bhfuil siad teoranta ag codanna atá bunaithe ar chreideamh nó bunaithe ar chúrsaí éigin eile. Sa tsaorpháirc, níl srian ar threoshuíomh uaighe agus nó ar dhearadh leice cuimhneacháin, agus níl aon struchtúr soiléir cosán thart ar an léana ná ar na huaigheanna.



Saorpháirc i reilig Selwerderhof, Groningen.